CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1561 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Iúil 2023

Ag diúltú iarratais ar thásc geografach a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 52(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 'ՍԵՒԱՆԻ ԻՇԽԱՆ/sevani ishkhan' (ATFC)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 4903)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar an iarratas ar chlárú an ainm 'ՍԵՒԱՆԻ ԻՇԽԱՆ/sevani ishkhan' mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC), a chuir an Airméin isteach an 11 Iúil 2016 (ATFC-AM-2164).

(2) Tar éis an ghrinnscrúdaithe, sheol an Coimisiún fógra barúlacha an 13 Nollaig 2016 agus an 7 Meán Fómhair 2017 inar iarradh soiléiriú ar roinnt de na gnéithe den chomhad. Mar gheall ar easpa freagra ar an bhfógra deiridh sheol an Coimisiún meabhrúchán an 24 Eanáir 2022. Níor thug an t-iarratasóir freagra.

(3) Ar bhonn na faisnéise a bhí ina sheilbh ag an gCoimisiún, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus chuir sé in iúl don iarratasóir, i litir an 20 Nollaig 2022, mura mbeidh aon bharúil faighte laistigh de 2 mhí tar éis don iarratasóir an litir a fháil, go bhfuil sé ar intinn aige tús a chur leis an nós imeachta maidir le cinneadh foirmiúil ón gCoimisiún a ghlacadh lena ndiúltaítear don iarratas de bhun Airteagal 52(1) den Rialachán sin.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 668/2014 ón gCoimisiún ([2]), sainaithneofar sa tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC na nósanna imeachta nach mór d'oibreoirí a bheith i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le cruthúnas ar thionscnamh an táirge, na n-amhábhar, na beatha agus na n-ítimí eile gur gá, de réir na sonraíochta táirge, teacht ón limistéar geografach sainithe.

Beidh na hoibreoirí in ann na nithe seo a leanas a shainaithint: (a) soláthróir, cainníocht agus tionscnamh gach baisce amhábhair agus/nó táirgí a fhaightear; (b) faighteoir, cainníocht agus ceann scríbe na dtáirgí a sholáthraítear; (c) an comhghaol idir gach baisc ionchur dá dtagraítear i bpointe (a) agus gach baisc aschur dá dtagraítear i bpointe (b).

A mhéid a bhaineann leis an bhfianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh shainithe é an táirge, ní luaitear i sonraíocht 'ՍԵՒԱՆԻ ԻՇ ԱՆ/sevani ishkhan' ach 'Leabhar Dearg na hAirméine' gan aon mhíniú ar bith eile. Bhain an Coimisiún de thátal as nach leor é sin chun an nós imeachta chun an tionscnamh a áirithiú mar a cheanglaítear leis an Airteagal 4 sin a thaispeáint.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

(5) De réir Airteagal 7(1), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ní mór tuairisc a thabhairt ar 'phríomhthréithe fisiceacha, ceimiceacha, micribhitheolaíocha nó orgánaileipteacha an táirge'. Bhain an Coimisiún de thátal as nach bhfuil an ceanglas sin comhlíonta ós rud é nár soláthraíodh roinnt saintréithe riachtanacha orgánaileipteacha agus fisiceacha amhail fad, boladh agus blas sa tuairisc ar 'ՍԵԻԱՆԻ ԻՇԽԱՆ/sevani ishkhan'.

(6) De réir Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh 664/2014 ón gCoimisiún ([3]), foinseofar beatha go hiomlán laistigh den limistéar geografach sainithe i ndáil le táirgí de bhunadh ainmhíoch a bhfuil a n-ainm cláraithe mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint. A mhéid nach bhfuil foinsiú ón limistéar geografach sainithe amháin indéanta ar bhonn teicniúil, féadfar beatha arna foinsiú ó lasmuigh den limistéar a chur leis, ar choinníoll nach ndéanfar difear do cháilíocht an táirge nó do shaintréith an táirge arb í an timpeallacht gheografach is cúis léi go bunúsach. Ní bheidh i mbeatha arna foinsiú ó lasmuigh den limistéar geografach sainithe níos mó ná 50 % d'ábhar tirim ar bhonn bliantúil. Bhain an Coimisiún de thátal as nach bhfuil na ceanglais sin comhlíonta ós rud é nach mínítear sa tsonraíocht 'ՍԵԻԱՆԻ ԻՇԽԱՆ/sevani ishkhan' an bhfuil foinsiú iomlán na beatha laistigh den limistéar geografach sainithe indéanta go teicniúil agus nach dtaispeántar nach ndéantar difear do cháilíocht an táirge agus na saintréithe atá ann mar gheall ar an timpeallacht gheografach trí úsáid a bhaint as beatha ó lasmuigh den limistéar geografach sainithe.

(7) Níor thug an t-iarratasóir freagra ar bharúlacha an Choimisiúin laistigh den sprioc-am socraithe.

(8) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an t-iarratas ar 'ՍԵԻԱՆԻ ԻՇ ԱՆ/sevani ishkhan' a chlárú mar ATFC na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 7(1), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 1151/2012, Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 668/2014 agus Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh 664/2014.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, diúltú don t-iarratas ar an ainm 'ՍԵԻԱՆԻ ԻՇԽԱՆ/sevani ishkhan' a chosaint mar ATFC.

(10) Baineann an cinneadh diúltaithe go docht le clárú an ainm sin faoi Rialachán (AE) Uimh 1151/2012. Tá sé gan dochar do chosaint an ainm 'ՍԵԻԱՆԻ ԻՇ ԱՆ/sevani ishkhan' faoin gcomhaontú déthaobhach idir an Airméin agus an tAontas.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Diúltaítear don iarratas ar chlárú an ainm 'ՍԵԻԱՆԻ ԻՇ ԱՆ/sevani ishkhan' mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC).

Airteagal 2

Is chuig Oifig Maoine Intleachtúla na hAirméine, Government House 3, Central Avenue, 375010 Eireaván, an Airméin, a dhírítear an chinneadh seo.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunú shiombailí an Aontais le haghaidh socrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus a mhéid a bhaineann le rialacha áirithe a bhaineann le foinsiú, rialacha áirithe nós imeachta agus rialacha idirthréimhseacha breise áirithe (IO L 179, 19.6.2014, lch. 17).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún